Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Iúil 2023
(OR. en)

12166/23

LIMITE

POLCOM 173
SPG 6
CODEC 1442

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0252(COD)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid II) |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11492/23 |
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle<br>- Sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa |

1. Ag cruinniú tríthaobhach an 27 Meitheamh 2023, níor thángthas ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife (Rialachán GSP) (12184/21 INIT agus ADD 1-4). D'fhógair an Coimisiún, fiú dá dtiocfaí ar chomhaontú i mí Mheán Fómhair, nach mbeadh dóthain ama ann don Rialachán nua teacht i bhfeidhm sula rachaidh an Rialachán atá ann cheana in éag ag deireadh 2023. Dá dtarlódh sin, chiallódh sé go dtiocfadh deireadh leis na taraifí fabhracha atá ann cheana do thíortha GSP agus GSP+.

2. Dá bhrí sin, an 4 Iúil 2023, mhol an Coimisiún síneadh 4 bliana a chur le bailíocht Rialachán GSP atá ann cheana go dtí an 31 Nollaig 2027 (11492/23).

3. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA) atá freagrach as an Rialachán atá beartaithe. Ainmníodh Heidi Hautala (na Glasaigh, FI) mar rapóirtéir agus mhol sí go nglacfaí leis an togra ón gCoimisiún gan aon leasuithe a dhéanamh air. Thairis sin, níor mhol páirtithe eile aon leasuithe roimh an sprioc-am a shocraigh an Coiste, is é sin an 20 Iúil. Tá sé beartaithe ag INTA an togra ón gCoimisiún a fhormheas gan aon leasuithe a dhéanamh air an 18 nó an 19 Meán Fómhair. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Pharlaimint vótáil ar an togra ag an seisiún iomlánach a bheidh aici ón 2 go dtí an 5 Deireadh Fómhair.

4. Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid an Choiste um an mBeartas Trádála (Córas Ginearálaithe um Fhabhair) (TPC(GSP)) ag an gcruinniú a bhí aige an 5 Iúil agus bhí plé tosaigh ag an gCoiste maidir leis an togra. I bhfíschomhdháil a bhí acu an 20 Iúil, phléigh comhaltaí TPC (GSP) an togra go neamhfhoirmiúil arís. Rinneadh comhairliúchán i scríbhinn leis an TPC(GSP) maidir leis an togra an 20-24 Iúil.

5. Níor cuireadh aon ábhar mór imní in iúl, ach thug roinnt Ballstát le fios go raibh forchoimeádais Pharlaiminteacha déanta acu agus, ó tharla gur tréimhse an tsamhraidh at bhí ann, nach raibh sé soiléir cathain a d’fhéadfaí na forchoimeádais sin a bhaint. Chuir roinnt Ballstát eile in iúl, cé nach raibh aon ábhar mór imní acu, nach raibh siad in ann a bhformheas foirmiúil a thabhairt ag an bpointe sin ar chúiseanna inmheánacha nós imeachta.

6. Chinn an Uachtaránacht gur thángthas ar chomhaontú ar an leibhéal teicniúil chun an togra ón gCoimisiún a fhormhuiniú gan aon leasuithe agus chun leanúint ar aghaidh le síneadh Rialachán GSP a ghlacadh go pras.

7. Ar bhonn an phlé a rinneadh in TPC(GSP), creideann an Uachtaránacht go dtacaíonn na toscaireachtaí leis an togra ón gCoimisiún, cé go bhfuil roinnt forchoimeádais pharlaiminteacha fós ann, agus nach mór roinnt nósanna imeachta inmheánacha a thabhairt chun críche.

PUBLIC

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Téacs an togra ón gCoimisiún a fhormheas gan aon athruithe a dhéanamh air (faoi réir an athbhreithnithe a bheith déanta ag dlítheangeolaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle), d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa; agus

- Údarú a thabhairt don Uachtaránacht litir a chur chuig Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta de chuid Pharlaimint na hEorpa ina ndearbhófar, dá nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), san fhoirm a leagtar amach sa togra ón gCoimisiún (faoi réir an athbhreithnithe arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid), go bhformheasfaidh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) CFAE, agus go nglacfar an gníomh san fhoclaíocht a chomhfhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.

PUBLIC